Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Nollaig 2018**
**(OR. en)**

**15559/18**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0088(COD)**

**AGRILEG 228**
**DENLEG 111**
**MI 996**
**SAN 473**
**CONSOM 362**
**RECH 540**
**CODEC 2344**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | COM(2018) 179 final - 8518/18 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 15148/18 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú riosca an Aontais sa bhiashlabhra lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 [maidir le dlí ginearálta an bhia], Treoir 2001/18/CE [maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d'aon ghnó sa chomhshaol], Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 [maidir le bia agus beatha ghéinmhodhnaithe], Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 [maidir le breiseáin bheatha], Rialachán (CE) Uimh. 2065/2003 [maidir le blastáin deataigh], Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 [maidir le hábhair a bhíonn i dtadhall le bia], Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 [maidir leis an nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bhia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bhia], Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 [maidir le táirgí cosanta plandaí] agus Rialachán (AE) Uimh. 2015/2283 [maidir le bianna núíosacha]<br>- Cur chuige ginearálta<br>= Ráiteas |

## Ráiteas ón Ísiltír

Tacaíonn an Ísiltír leis an sprioc níos mó trédhearcachta a bheith ann agus na nósanna imeachta a choigeartú chun níos mó trédhearcachta agus oibiachtúlachta a bhaint amach sa mheasúnú riosca sa Bhiashlabhra.

Tá na bearta a mholtar úsáideach i ndáil leis na spriocanna sin a bhaint amach, amhail an plean le haghaidh cumarsáid maidir le rioscaí mar aon le clár an Aontais chun na staidéir a fhoilsiú a ghabhann le formheas i gcomhair táirgí rialáilte.

Mar sin féin, is mian leis an Ísiltír béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le cothrom na Féinne d'oibreoirí gnólachtaí bia san Eoraip maidir le táirgí nuálacha a fhorbairt. I gcásanna áirithe, ní mór níos mó airde a thabhairt air sin, rud a chiallaíonn go bhféadfaí bac a chur ar nuálaíocht in ionad í a chur chun cinn mar gheall ar an oibleagáid staidéir neamhrúnda a nochtadh díreach tar éis iarratas ar fhormheas a chur faoi bhráid EFSA.

Thairis sin, tá sé tábhachtach go mbeidh an córas atá le bunú le clár an Aontais chun na staidéir a fhoilsiú, lena n-áirítear nósanna imeachta, éifeachtúil agus éifeachtach. Ba cheart an t-ualach riaracháin a choinneáil chomh híseal is féidir d'oibreoirí gnólachtaí bia, do EFSA agus do na Ballstáit.

Tacaíonn an Ísiltír leis an togra ó Uachtaránacht na hOstaire tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoimisiún (caibidlíocht thríthaobhach).

Ba mhaith leis an Ísiltír a chur i bhfáth, áfach, nach ndéantar réamhchinneadh leis an gcur chuige ginearálta ar an gcaibidlíocht faoi CAI ná nach ndéanann sé dochar di ar bhealach ar bith.

Ciallaíonn sé sin nach dtugtar le fios ar chor ar bith le comhaontú chun tús a chur leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa go bhfuil toiliú ann i ndáil le tionchar airgeadais an togra mar a chuir an Coimisiún in iúl sa Ráiteas Airgeadais Reachtach a bhí ag gabháil le togra reachtach an 11 Aibreán 2018.

Cé go n-aithníonn NL, mar thoradh ar an togra reatha, gur gá méid teoranta modhanna breise chun go gcomhlíonfadh EFSA na cúraimí nua, , ní dóigh léi go bhfuil an EUR 62,5 milliún atá á moladh faoi láthair réalaíoch. Tá buiséad reatha EFSA beagnach á dhúbailt leis sin. Feictear na hiarmhairtí tromchúiseacha atá ann ceal measúnaithe tionchair sa mhéid sin.

Thairis sin, agus níos tábhachtaí fós, téann tionchar airgeadais an togra ón gCoimisiún níos faide ná creat reatha CAI. Ní fhéadfar teacht ar chomhaontú maidir leis na huasteorainneacha táscacha do EFSA ach amháin nuair a dhéanfar cinneadh deiridh faoin mbuiséad atá ar fáil do CAI 2021-2027 ina iomláine, ceannteideal 7, na gníomhaireachtaí agus go háirithe EFSA.

Dá bhféadfadh an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún teacht ar chomhaontú le linn na caibidlíochta tríthaobhaí, ba cheart do na páirtithe go léir tionchar airgeadais an togra a athmheas agus seasamh soiléir cothromaithe a bhaint amach.